An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Naíscoil na Speiríní
## Baile na Croise, Machaire Fíolta

## Dáta na Cigireachta: Feabhra 2009

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NÁISCOIL NA SPEIRÍNÍ, BAILE NA CROISE, MACHAIRE FÍOLTA, CO DHOIRE, BT45 7EN (3AB-0481)**

Sa chigireacht a rinneadh i Mí na Samhna 2007 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí san éiteas agus sa chaidreamh agus ar a fheabhas a bhí idirghníomhaíocht na foirne agus iad ag cur theanga na bpáistí chun cinn. Aithníodh sa chigireacht gur ghá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- na modhanna oibre le haghaidh cosaint páistí;
- na modhanna a úsáidtear le haghaidh pleanála agus measúnaithe; agus
- an dóigh a bhfuil acmhainní á bhforbairt lena chinntiú go mbíonn dul chun cinn agus dúshlán ann.

**San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:**

- tá cúrsa oiliúna déanta ag an fhoireann agus ag an duine ainmnithe den ghrúpa bainistíochta ar na nithe is déanaí a bhaineann le cosaint páistí;
- tá oiliúint faighte ag an fhoireann i bpleanáil curaclaim, i modhanna measúnachta agus i mbainistiú iompair;
- tá an t-ionad i ndiaidh teacht ar mhaoiniú breise agus tá feabhsú acmhainní ar siúl aige i ngach réimse súgartha; agus
- tá an saineolaí oideachais luath-óige i ndiaidh tacaíocht rialta a thabhairt atá dírithe ar na riachtanais.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) cuairt faireacháin ar an ionad i nDeireadh Fómhair 2008 agus rinne cigireacht leantach ar 4 Feabhra 2009.

Bhí caighdeán an phlean gníomhaíochta a rinne an eagraíocht mar fhreagra ar chinntí na cigireachta sásúil. Níl plean forbartha ag an ionad.

Tá dul chun cinn sásúil déanta sna réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta.

**Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a rinneadh ó bhí an chigireacht ann.**

- Tá an fhoireann i ndiaidh athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar pholasaithe agus ar mhodhanna oibre a bhaineann le cosaint páistí agus cuireadh sin in iúl do na tuismitheoirí.
- Anois sa phleanáil mheántéarmach aimsítear na téamaí agus na topaicí cuí agus sa phleanáil ghearrthréimhseach cuirtear béim ar na nithe sin a bheartaítear a fhoghlaimeofar agus ar ról na ndaoine fásta agus iad ag cur le cumas smaointeoireachta na bpáistí agus lena gcumas sa teanga. Déantar luacháil rialta ar an chlár phleanáilte agus cuirtear freagraí na bpáistí níos mó san áireamh.

- Tá an fhoireann i ndiaidh córas sainoibrithe a thabhairt isteach agus taifeadann siad an fhaisnéis chuí a bhaineann le riachtanais na bpáistí agus leis na nithe ar spéis leo iad le linn na tréimhse agus iad ag socrú isteach.

**Is iad na réimsí seo a leanas na réimsí ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu:**

- ba chóir don fhoireann leanúint de bheith ag forbairt cur chuige níos córasaí le dul chun cinn na bpáistí a choimhéad agus a thaifeadadh i ngach réimse den churaclam réamhscoile; agus

- ba chóir don fhoireann a chinntiú go n-úsáidfear na hacmhainní nua go héifeachtach le go dtabharfar go leor dúshláin do na páistí agus le go ndéanfaidh siad go leor dul chun cinn i ngach réimse den chlár i rith na bliana.

Ó rinneadh an chigireacht tá luacháil déanta ag an ionad ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí a aimsíodh mar réimsí a bhí le feabhsú sa bhunchigireacht. Molann an Chigireacht go ndéanfar forbairt ar na próisis fhéinmheastóireachta le go ndíreofar níos láidre ar fhéinmheastóireacht mar ghléas le feabhsúcháin a thabhairt i gcrích.

I mbunús na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu leanann caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an t-ionad seo de bheith sásúil; is treise na láidreachtaí ná na réimsí sa soláthar a bhfuil feabhsú uathu.

Tá fianaise shoiléir san ionad go bhfuil feabhsúchán déanta ach tá réimsí ann a bhaineann le foghlaim, teagasc agus bainistiú acmhainní a gcaithfear tabhairt fúthu go fóill má tá freastal éifeachtach le déanamh ar riachtanais na bpáistí uile.

Déanfaidh an Chigireacht faireachán ar dhul chun cinn an ionaid agus é ag tabhairt faoi na réimsí eile sin atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk